**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000040/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Susana Solís Pérez** (Renew), **Nicolás González Casares** (S&D), **Dolors Montserrat** (PPE), **Peter Liese** (PPE), **Tiemo Wölken** (S&D), **Sara Cerdas** (S&D), **Ondřej Knotek** (Renew), **Bartosz Arłukowicz** (PPE), **César Luena** (S&D), **Juan Ignacio Zoido Álvarez** (PPE), **Francisco José Millán Mon** (PPE), **José Manuel García-Margallo y Marfil** (PPE), **Billy Kelleher** (Renew), **Kosma Złotowski** (ECR), **Kateřina Konečná** (The Left), **Lina Gálvez Muñoz** (S&D), **Nathalie Colin-Oesterlé** (PPE), **Karen Melchior** (Renew), **Carlos Zorrinho** (S&D), **Patrizia Toia** (S&D), **Beatrice Covassi** (S&D), **Jarosław Kalinowski** (PPE), **Christophe Clergeau** (S&D), **María Soraya Rodríguez Ramos** (Renew), **Clara Aguilera** (S&D), **Pablo Arias Echeverría** (PPE), **Rosa Estaràs Ferragut** (PPE), **Leopoldo López Gil** (PPE), **Alin Mituța** (Renew), **Antonio López-Istúriz White** (PPE), **Elżbieta Katarzyna Łukacijewska** (PPE), **Gabriel Mato** (PPE), **Ivan Štefanec** (PPE), **Angelika Niebler** (PPE), **Andrzej Halicki** (PPE), **Maria da Graça Carvalho** (PPE), **Magdalena Adamowicz** (PPE), **Jarosław Duda** (PPE), **Adam Jarubas** (PPE), **Cindy Franssen** (PPE), **Pietro Fiocchi** (ECR), **Adrián Vázquez Lázara** (Renew), **René Repasi** (S&D), **Vlad Gheorghe** (Renew), **Stelios Kympouropoulos** (PPE), **Maria Angela Danzì** (NI), **Olivier Chastel** (Renew), **Nicola Procaccini** (ECR), **Maite Pagazaurtundúa** (Renew), **Ioan-Rareş Bogdan** (PPE), **Eva Maria Poptcheva** (Renew), **Josianne Cutajar** (S&D), **Cyrus Engerer** (S&D), **Marek Paweł Balt** (S&D), **Dan Nica** (S&D), **Inma Rodríguez-Piñero** (S&D), **Carmen Avram** (S&D), **Andrey Kovatchev** (PPE), **Estrella Durá Ferrandis** (S&D), **Ibán García Del Blanco** (S&D), **Kathleen Van Brempt** (S&D), **Javier Zarzalejos** (PPE), **Isabel Benjumea Benjumea** (PPE), **Matjaž Nemec** (S&D), **Cristina Maestre Martín De Almagro** (S&D), **Francesca Peppucci** (PPE), **Izaskun Bilbao Barandica** (Renew), **Romana Jerković** (S&D), **Alex Agius Saliba** (S&D), **Idoia Villanueva Ruiz** (The Left), **Margarita de la Pisa Carrión** (ECR), **Petar Vitanov** (S&D), **István Ujhelyi** (S&D), **Traian Băsescu** (PPE), **Edina Tóth** (NI), **Pilar del Castillo Vera** (PPE), **Nikos Papandreou** (S&D), **Christophe Hansen** (PPE), **Milan Brglez** (S&D), **Catherine Amalric** (Renew), **Tudor Ciuhodaru** (S&D)

Ábhar: Ganntanais cógas agus neamhspleáchas straitéiseach cúraim sláinte san Aontas

I bhfianaise ghanntanas na gcógas riachtanach agus na gcomhábhar gníomhach cógaisíochta (APInna), ar ganntanas é atá ag dul i méid san Aontas, is deacair a chreidiúint nach bhfuil beartas sonrach tacaíochta ann dá dtáirgeadh laistigh den Aontas, go háirithe i bhfianaise na mbeartas tacaíochta atá i bhfeidhm do phríomhearnálacha eile.

Tháinig méadú 60 % ar an líon fógra a tugadh i leith ganntanas cógas san Aontas idir 2017 agus 2019 agus chuaigh cúrsaí in olcas in 2022. Tá cúiseanna iomadúla agus casta leis an bhfadhb sin. Ba cheart dúinn a bheith imníoch mar gheall ar an spleáchas ar roinnt monaróirí, go háirithe monaróirí sa tSín agus san India, ós rud é go bhfuil comhchruinniú domhanda ag tarlú sa táirgeacht, agus iomaíochas an Aontais ag dul i léig i gcomparáid le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus leis an tSín.

Ina fhianaise sin, is den ríthábhacht é go ndíreoimis ní hamháin ar ghanntanais drugaí a mhaolú, ach ar straitéis choisctheach a chur chun feidhme chomh maith. Sa pháipéar leathoifigiúil dar teideal ‘Improving the security of medicines supply in Europe’ [Feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair cógas san Eoraip], a d’fhormhuinigh 19 mBallstát ar a laghad, leagtar béim ar na hábhair imní sin.

Trí nuálaíocht agus táirgeacht inmheánach araon a chothú agus a mhéadú, ní hamháin go neartófaí athléimneacht an Aontais i gcás géarchéimeanna sláinte a d’fhéadfadh a bheith ann, ach chuirfí dlús freisin le rochtain ar chóireálacha d’othair, dhéanfaí córais cúraim sláinte inbhuanaithe agus chuirfí tairbhí suntasacha eacnamaíocha ar fáil, chuirfí borradh faoi éiceachóras tionsclaíoch cógaisíochta na hEorpa agus chothófaí fostaíocht.

1. An bhféadfadh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscnamh agus na n-uirlisí a bhfuil sé d’aidhm acu, ar an gcaoi chéanna leis an nGníomh Eorpach um Amhábhair

Chriticiúla[1] agus leis an nGníomh um Shliseanna[2], agus a chistítear go hiomchuí, borradh a chur faoi tháirgeadh cógas bunriachtanach, APInna agus cóireálacha nuálacha ag an Aontas, amhail ábhair fhrithmhiocróbacha nua agus táirgí íocshláinte ardteiripe?

2. I bhfianaise a ríthábhachtaí atá sé dul i ngleic le ganntanais agus le neamhspleáchas straitéiseach cúraim sláinte a chur chun cinn, an ngeallfaidh an Coimisiún beartas tacaíochta stóinseach a ghlacadh le linn an téarma reachtaigh seo? Bheadh beartas den sórt sin ag teacht le huaillmhianta an Aontais, chomhlánódh sé an pacáiste cógaisíochta agus thabharfaí de chumhacht don Eoraip géarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo a láimhseáil go héifeachtach, agus dhéanfaí cúram othar agus staid eacnamaíoch an Aontais a threisiú ag an am céanna.

Curtha síos: 5.9.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra: 6.12.2023

[1] Togra ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (COM(2023)0160),

[2] Togra ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2022 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Gníomh um Shliseanna) (COM(2022)0046).